

# INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO

## SCRÚDÚ FAOI THEASTAIS GHAEILGE, FÓMHAR, 2021

### SCRÚDÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE

#### PÁIPÉAR I - 100 MARC

(85 MARC ANSEO AGUS 15 MARC DON GHNÉ PHRAITICIÚIL)

Trí huairé an chloig don pháipéar seo (10.00 – 1.00). Cúig cheist a fhreagairt, ceann amháin as gach Roinn.

#### ROINN A

1. Scríobh aiste (thart ar dhá leathanach i.e. 400 focal) ar ábhar amháin díobh seo:-
  - (a) Ba chóir do gach bunscoil stair áitiúil a mhúineadh.
  - (b) Is rud maith é go bhfuil an oiread sin cultúr againn in Éirinn an lae inniu.
  - (c) Níor cheart go mbeadh an oiread sin saoirse ag na meáin shóisialta.
  - (d) Cairde.
  - (e) Ba chóir do gach duine óg uirlis cheoil a fhoghlaim.

(35 mharc)

#### ROINN B

##### Freagair Ceist 2 nó Ceist 3

2. Aistrigh go Gaeilge:-

Spain is my favourite country, after this country, of course. Any time that I was in that country, the sun was shining every day and I love the heat. The last time that I was in Spain, I spent a fortnight there. I stayed in a hotel. There was a very good restaurant in it and a swimming pool. Nearby there was a tennis court and a golf course. I spent most of my time in the swimming pool or sunbathing beside it. I went there with a friend of mine. On one of the days we went on a short tour on a bus to pay a visit to all of the sights. We did a little bit of shopping as well. The cost of living is much lower in Spain than it is in Ireland. I played a game of golf on another day but I didn't enjoy it because I'm not very good at golf. I am looking forward to the day when I will be able to go back to Spain. I do not want to lose the little bit of Spanish that I have learned.

(15 mharc)

### **3. Aistrigh go Gaeilge:-**

1. Niamh! Go to the office and get the First Aid box.
2. I was trained as teacher in Wales and I enjoyed my time there.
3. The sun was splitting the rocks when I was on holidays in the west.
4. At what time will the next train be going to Cork?
5. There is a fruit and vegetable shop in the shopping centre beside me.
6. I have done a lot of travel. I like to go overseas every summer.
7. My favourite character in *Ros na Rún* is Tadhg Ó Direáin.
8. I have a great interest in reading. I got this book on loan from a friend of mine.
9. I like painting but my favourite pastime is playing the guitar.
10. I hope to be able to go to a restaurant at the week end.

(15 marc)

## **ROINN C**

### **Freagair Ceist 4 nó Ceist 5**

#### **4. Athscríobh an t-alt seo a leanas agus cuir isteach an fhoirm cheart de na focail atá idir lúibíní:-**

“An bhfuil a fhios agat, a Threasa,” arsa Liam, “tá mo ghluaisteán ag dul in aois agus níl an mhuinín chéanna agam as agus a bhí. Táim ag (smaoinigh) ar mo ghluaisteán a (athraigh). Tá cúpla (ceann) deas (feic) agam ar an idirlíon ach ceapaim go gceannóidh mé gluaisteán leictreach. Tá siad níos (daor) ná gnáth-ghluaisteáin ceart go leor ach tá siad níos (maith) don timpeallacht. Táim ag dul go dtí an Comhar Creidmheasa amárach chun iasacht a (faigh).” “Ní bhfaighidh tú iasacht ón gComhar Creidmheasa gan go leor (airgead) a bheith (sábháil) agat cheana féin leo,” arsa Treasa. “Dá mbeadh ceann de na gluaisteáin leictreacha agamsa bheadh eagla orm go (rith) amach as cumhacht ar mo bhealach abhaile go Ciarrai.”

(10 marc)

#### **5. Athscríobh na habairtí seo a leanas gan na lúibíní agus athraigh iad más gá:-**

1. Bíonn dathanna áille ar na duilleoga i rith (an fómhar).
2. Ní raibh an Príomhoide in ann teacht ar eochair (an oifig).
3. Chuaigh na páistí agus a (col ceathair) go dtí an sorcas.
4. Rinne Coiste an Chlub obair (na capaill) i rith na bliana.
5. Má (éirigh) liom ticéad a fháil don chluiche, rachaidh mé.
6. Caithfidh tú do ghluaisteán nua a (taispeáin) dom.
7. Laistigh de dhá lá bhí an leabhar ar fad (léigh) agam.
8. Dá (tit) sneachta i lár an tsamhraidh bheadh ionadh ar dhaoine.
9. Ba chuma le Liam go raibh a chairde ag magadh (faoi: é).
10. De ghnáth bíonn an aimsir is (deas) againn sa samhradh.

(10 marc)

## **ROINN D**

### **Freagair Ceist 6 nó Ceist 7**

**6.** Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:

#### **Luke Kelly**

Rugadh Luke Kelly, an t-amhránaí agus an ceoltóir ar 17 Mí na Samhna, 1940 i Sráid Shirriam i mBaile Átha Cliath. Albanach ab ea a sheanmháthair agus mhair sí le muintir Uí Cheallaigh go dtí go bhfuair sí bás sa bhliain 1953. Nuair nach raibh athair Luke ach ina pháiste óg lámhachadh agus goineadh é sa sléacht a rinne saighdiúirí na Breataine ar Bachelor's Walk sa bhliain 1914. Chaith athair Luke a shaol ag obair i monarcha bhrioscaí Jacob. Thaitin spórt leis agus cosúil lena mhac thaitin sé leis a bheith ag canadh.

Nuir a leag Bardas Átha Cliath na tithe ina raibh muintir Uí Cheallaigh agus a gcomharsana ina gcónaí ar Shráid Shirriam, ba iad muintir Uí Cheallaigh an chéad chlann a bhog isteach in árasáin Naomh Lorcán Ó Tuathail. Mar gheall ar dhóiteán sna hárasáin chéanna sa bhliain 1953, bhí ar mhuintir Uí Cheallaigh bogadh amach go Fionnbhrú, áit ar chuir said fúthu. D'éirigh Luke as a chuid scolaíochta agus gan é ach trí bliana déag d'aois. Tar éis jabanna éagsúla a bheith aige, chuaigh sé go Sasana i 1958 áit á bhfuair sé obair ar shuíomh tógála i Wolverhampton ach tugadh bata agus bóthar dó ansin nuair a chuaigh sé ag lorg ardú pá.

D'fhill Luke ar Éirinn sa bhliain 1962. Faoin am sin bhí clú á bhaint amach ag teach tábhairne O'Donoghue mar theach seisiún agus níorbh fhada go raibh Luke ag canadh ann le daoine eile, ina measc, Ronnie Drew agus Barney McKenna. Shocraigh an triúr grúpa a bhunú agus mar gheall go raibh *Dubliners* le James Joyce á léamh ag Luke ag an am, mhol sé go dtabharfaí *The Dubliners* ar an ngrúpa.

Le linn do Phil Coulter a bheith mar bhainisteoir ar *The Dubliners* thosaigh Luke ag canadh *The Town I Loved So Well* agus *Scorn Not His Simplicity*. Nuair a chuala Patrick Kavanagh Luke Kelly ag canadh i dteach tábhairne i mBaile Átha Cliath chuaigh sé chuige agus d'iarr sé air an dán *Raglan Road* a chanadh le fonn *The Dawning of the Day*. Labhair Luke féin faoi na deacrachaí a bhí aige le halcól agus chlis a shláinte air sa deireadh. D'éag sé ar 30 Eanáir, 1984. Tá dhá dhealbh de i mBaile Átha Cliath, ceann amháin ar Shráid Shirriam. Níl scríofa ar leacht a uaighe i Reilig Ghlas Naón, áfach, ach 'Luke Kelly – Dubliner'.

1. Cén bhaint a bhí ag athair Luke Kelly le heachtra stairiúil i stair na hÉireann?
2. Cén tslí bheatha a bhí ag athair Luke Kelly?
3. Cén fáth ar bhog muintir Uí Cheallaigh amach go Fionnbhrú?
4. Cén fhianaise atá san alt go raibh meas ag cathair Bhaile Átha Cliath ar Luke Kelly?
5. Ca bhfuil Luke Kelly curtha?

(10 marc)

7. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:

### Pádraig Carney

Rugadh Pádraig Carney nó ‘The Flying Doctor’ mar ab fhearr aithne air ar 7 Eanáir, 1928 i mBéal Átha na Muice, Contae Mhaigh Eo. D’imir sé mar leatosaí láir ar fhoireann peile Mhaigh Eo a bhuaigh Cluichí Ceannais Peile na hÉireann sna blianta 1950 agus 1951. Faoin am a chroch sé suas a bhróga peile, bhí dhá bhonn uile Éireann aige, ceithre bhonn Chonnacht, dhá bhonn Shraith Náisiúnta agus bonn Chorn an Bhóthair Iarainn. Ní raibh sé ach seacht mbliana déag d’aois nuair a d’imir sé a chéad chluiche le sinsir Mhaigh Eo. Dúirt sé go raibh a fhios aige an chéad uair a sheas sé ar an bpáirc i ngeansaí Mhaigh Eo go raibh sé chomh maith le himreoir ar bith eile ar an bpáirc. An chéad chic a fuair sé, fuair sé scór. An chéad chúl riamh a fuarthas ó chic éirice i gcluiche ceannais Éireann, ba é Padraig Carney a fuair é.

Rinne Padraig Carney staidéar ar an leigheas in Ollscoil Bhaile Átha Cliath. Chun slí bheatha a bhaint amach agus chun dul chun cinn a dhéanamh ina ghairm, thóg sé féin agus a bhean chéile an cinneadh dul go Nua Eabhrac.

Sa bhliain 1954 thug Bord Contae Mhaigh Eo ar ais go hÉirinn é ó Nua Eabhrac le himirt i gcluichí leathcheannais agus ceannais na Sraithe Náisiúnta. Ba sa tráchtairreacht raidió ar an gcéad cheann de na cluichí sin a thug an tráchtair clúiteach Mícheál O’Hehir ‘The Flying Doctor’ air. Sa bhliain chéanna, dúirt Bord Chontae Mhaigh Eo leis go raibh Maigh Eo chun Cluiche Ceannais Chonnacht a bhuachan dá uireasa agus go raibh siad chun é a thabhairt abhaile arís do Chluiche Leathcheannais na hÉireann. I gcluiche Ceannais Chonnacht, áfach, ní raibh an script léite ag Gaillimh agus d’éisigh Padraig Carney as a bheith ag imirt lena chontae agus gan é ach sé bliana is fiche d’aois.

Bhog Pádraig agus a bhean chéile ó Nua Eabhrac go California áit ar oibrigh sé mar ghíneiceolaí. Thagadh sé abhaile go Maigh Eo go rialta agus bhíodh sé i gcónaí ag fiafraí, “Cén chaoi a n-éireoidh le Maigh Eo i mbliana?” Ar a bhreithlá deireanach i Long Beach, California, chuir sé air geansaí Mhaigh Eo agus chan sé an t-amhrán ab ansa leis, ‘Moonlight in Mayo’. Cailleadh Pádraig Carney ar 10 Meitheamh, 2019. Tar éis a bháis shocraigh a chlann a bhoinn, roinnt grianghráf agus earraí eile cuimhneacháin a bhronnadh ar a chontae dúchais áit a mbeidh siad ar taispeáint i Leabharlann Bhéal Átha na Muice.

1. Cén fhianaise atá san alt gur aithníodh gur shár-pheileadóir é Padraig Carney agus gan é ach ina fhear an-óg?
2. Conas go bhfuil a fhios agat go raibh Padraig Carney féinmhuijnínéach mar pheileadóir?
3. Cén fáth a ndeachaigh Pádraig Carney ar imirce?
4. Cén contae a scrios pleannna Mhaigh Eo i gegraobh Chonnacht 1954?
5. Cén léiriú atá san alt ar fhlaithiúlacht chlann Phádraig Carney?

(10 marc)

## **ROINN E**

### **Freagair Ceist 8 nó Ceist 9 nó Ceist 10**

- 8.** (a) Scríobh eiseamláir do gach ceann de na feidhmeanna teanga seo a leanas:
- (i) cead a dhiúltú
  - (ii) easpa taitnímh a léiriú
  - (iii) cuireadh a thabhairt
  - (iv) mian a léiriú
- (b) Mínigh Modh na Lánfhreagartha Gníomhaí. Léirigh a bhfuil le rá agat le samplaí.
- (c) Scríobh comhrá (14-16 líne) idir tuismitheoir agus páiste faoin teideal, “Cluiche Ceannais Chumann na mBunscol”, comhrá a bheadh oiriúnach do dhaltaí sna meánranganna nó sna hardranganna. Taobh le taobh leis na hEiseamláirí Teanga (gach cuid den chomhrá) scríobh na Feidhmeanna Teanga atá á gcomhlíonadh.
- (15 mharc)
- 9.** (a) Céard iad na buntáistí a bhaineann le Rólimirt ó thaobh mhúineadh na Gaeilge de?
- (b) “Sa Tréimhse Réamhchumarsáide caithfidh an múinteoir ionchur teanga a dhéanamh.” Mínigh an abairt sin. Léirigh a bhfuil le rá agat le samplaí.
- (c) Mar mhúinteoir, conas a mhíneofá na focail / frásáí seo a leanas: “briste”, “ag glanadh”, “bosca lóin”.
- (15 mharc)
- 10.** (a) Cén chaoi a n-imrítear an cluiche teanga, “Cheannaigh mé”. Tabhair samplaí den teanga a bhíonn in úsáid ag an múinteoir agus ag na páistí i rith an chluiche?
- (b) Mínigh an tábhacht a bhaineann le gníomhamhráin agus le gníomhrannta sna ranganna sóisearacha. Cén modh múinte a úsáideann an múinteoir nuair a bhíonn gníomhamhráin agus gníomhrannta á mhúineadh agus céard go díreach a dhéanann an múinteoir agus na páistí i rith an cheachta? Tabhair samplaí de ghníomhamhráin agus de ghníomhrannta atá ar eolas agat.
- (c) Scríobh scéal dar teideal, “Cois Farraige” a mbeifeá ag súil leis ó dhaltaí sna meánranganna nó sna hardranganna agus ina ndéanann tú tagairt do na nithe seo a leanas: an séasúr agus an aimsir, ag ullmhú chun lá a chaitheamh cois farraige, na rudaí a rinne tú san uisce, na rudaí a rinne tú ar an trá, na rudaí a chonaic tú, deireadh an lae.
- (15 mharc)